Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/3082

5.12.2024

**CINNEADH (AE) 2024/3082 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4 Nollaig 2024**

**maidir le bearta trédhearcachta a bhaineann le cruinnithe arna dtionól idir baill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu agus ionadaithe sainleasa, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/838/AE, Euratom**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 249 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 11(1) agus (2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ní mór do na hinstitiúidí, trí mhodhanna iomchuí, an deis a thabhairt do shaoránaigh agus dá gcomhlachais ionadaíocha a dtuairimí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais agus ceanglaítear orthu idirphlé oscailte, trédhearcach agus rialta a choimeád ar bun le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, agus le hAirteagal 11(3) CAE, ní mór don Choimisiún dul i gcomhairle go forleathan sula ndéanfaidh sé gníomhartha reachtacha a mholadh.

(2) De bhun Airteagal 298 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ní mór go mbeidh de thacaíocht ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus a gcúraimí á gcomhall acu, riarachán Eorpach a bheidh oscailte, éifeachtach agus neamhspleách.

(3) Chun muinín shaoránaigh an Aontais as dlisteanacht phróisis pholaitiúla, reachtacha agus riaracháin an Aontais a choinneáil, ba cheart teagmháil a dhéanamh le hionadaithe sainleasa ar bhealach trédhearcach. Chuige sin, tá an Coimisiún tiomanta ionadaíocht leasa eiticiúil agus thrédhearcach a chur chun cinn trí bhíthin an chláir trédhearcachta éigeantaigh ([1]).

(4) An 4 Nollaig 2024 ghlac an Coimisiún Cinneadh (AE) 2024/3081 ([2]) lena leagtar amach bearta trédhearcachta a bhaineann le cruinnithe arna reáchtáil idir Comhaltaí an Choimisiúin agus a gcomhaltaí Comh-Aireachta le hionadaithe leasmhara. Féadfaidh baill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu cruinnithe a bheith acu freisin le hionadaithe sainleasa chun críoch comhchosúil leis na cruinnithe dá dtagraítear sa Chinneadh sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, ceanglais trédhearcachta chomhchosúla a chur i bhfeidhm maidir leis na cruinnithe sin.

(5) I bhfianaise na taithí dearfaí a fuarthas agus faisnéis á foilsiú faoi chruinnithe arna dtionól idir Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin le hionadaithe sainleasa maidir le saincheisteanna a bhaineann le cinnteoireacht agus cur chun feidhme beartais san Aontas, ba cheart an cleachtas maidir le faisnéis a phoibliú faoi chruinnithe den sórt sin a choinneáil ar bun agus a leathnú chuig baill foirne uile de chuid an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu. Cé nach bhfuil aon ghá le bearta breise maidir le rannpháirtíocht Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin nó bhaill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu in imeachtaí poiblí, ós rud é go bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana féin, ba cheart do bhaill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu leanúint d'fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí maidir leis na cruinnithe uile a bhíonn acu le hionadaithe sainleasa.

([1]) Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1) ('an Comhaontú Idirinstitiúideach').

([2]) Cinneadh (AE) 2024/3081 an 4 Nollaig 2024 maidir le bearta trédhearcachta a bhaineann le cruinnithe arna dtionól idir Comhaltaí den Choimisiún agus ionadaithe sainleasa, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/839/AE, Euratom (IO L, 2024/3081, 5.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3081/oj).

(6) De bhun Airteagal 7(1) de Chinneadh C/2018/0700 ón gCoimisiún maidir le Cód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh [3], ní bhuaileann Comhaltaí an Choimisiúin agus a gcomhaltaí Comhaireachta ach leis na hionadaithe sainleasa sin atá cláraithe sa chlár trédhearcachta a mhéid a thagann siad faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh agus cuireann siad faisnéis faoi na cruinnithe sin ar fáil go poiblí, ach ba cheart go mbeidh feidhm ag an mbeart sin maidir le gach le baill foirne uile an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu d'fhonn cur chuige leanúnach agus ardchaighdeán trédhearcachta a áirithiú.

(7) Cruinnithe nach dtionóltar faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí cumhdaithe, mar a shainmhínítear in Airteagail 3 agus 4 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, níor cheart iad a chumhdach leis an gCinneadh seo. Go háirithe, níor cheart cruinnithe le hionadaithe institiúidí nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais, ar léiriú iad ar ghnáthchúrsa an chaidrimh idirinstitiúidigh, a chumhdach leis an gCinneadh seo. Cruinnithe le hionadaithe ó údaráis phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear a mbuanionadaíochtaí agus a n-ambasáidí, ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta, níor cheart iad a chumhdach leis an gCinneadh seo toisc go saothraíonn na húdaráis sin an leas ginearálta agus go rannchuidíonn siad le hobair an Choimisiúin faoi phrionsabal an chomhair dhílis. Cruinnithe le comhlachais agus líonraí údarás poiblí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal fonáisiúnta, níor cheart iad a chumhdach leis an gCinneadh seo, ar choinníoll go ngníomhaíonn na comhlachais agus na líonraí sin go heisiach thar ceann na n-údarás poiblí ábhartha. Chun caidreamh idirnáisiúnta an Aontais a chosaint, níor cheart cruinnithe le hionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, nó eagraíochtaí idir-rialtasacha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus comhlachtaí a thagann uathu, a chumhdach leis an gCinneadh seo.

(8) Chun cineál sonrach an idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta, dá bhforáiltear in Airteagal 154 CFAE, a urramú, chomh maith le cineál sonrach an idirphlé le heaglaisí agus le comhlachais nó pobail reiligiúnacha nó le heagraíochtaí fealsúnacha agus neamhchreidmheacha dá dtagraítear in Airteagal 17 CFAE, níor cheart cruinnithe a thionóltar sna comhthéacsanna sin a chumhdach leis an gCinneadh seo.

(9) I bhfianaise ról sonrach na bpáirtithe polaitiúla a aithnítear in Airteagal 10(4) CAE, níor cheart cruinnithe le hionadaithe páirtithe polaitiúla a chumhdach leis an gCinneadh seo ach oiread.

(10) I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach, cruinnithe spontáineacha, cruinnithe de chineál príobháideach nó sóisialta amháin agus cruinnithe a tharlaíonn i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin arna bhunú le CAE nó le CFAE nó le gníomhartha dlí an Aontais, níor cheart iad a chumhdach leis an gCinneadh seo. Ina theannta sin, níor cheart teagmhais le daoine nádúrtha ag gníomhú dóibh i gcáil bhuanphearsanta agus nach bhfuil i gcomhar le daoine eile a chumhdach leis an gCinneadh seo.

(11) Cruinnithe a reáchtáiltear faoi chuimsiú comhairle dlí agus comhairle ghairmiúil eile a sholáthar, níor cheart iad a chumhdach leis an gCinneadh seo. Cruinnithe arna n-eagrú chun aighneachtaí a dhéanamh mar pháirtí nó mar thríú páirtí faoi chuimsiú nós imeachta dlíthiúil nó riaracháin arna bhunú le dlí an Aontais nó leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme maidir leis an Aontas, nó aighneachtaí atá bunaithe ar chaidreamh conarthach le haon cheann de na hinstitiúidí is sínitheoirí nó bunaithe ar chomhaontú deontais arna mhaoiniú le cistí ón Aontas, nó aighneachtaí mar fhreagairt ar iarrataí díreacha sonracha ó aon cheann d'institiúidí an Aontais, óna n-ionadaithe nó óna bhfoireann, ar fhaisnéis fhíorasach, ar shonraí nó ar shaineolas, níor cheart iad a chumhdach leis an gCinneadh seo.

(12) Chun tuilleadh trédhearcachta a fheabhsú maidir le hionadaíocht sainleasa agus chun deis a thabhairt do shaoránaigh a bheith ar an eolas faoi ábhar na malartuithe arna dtionól idir an Coimisiún agus ionadaithe sainleasa, ba cheart do bhaill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu miontuairiscí poiblí a chur ar fáil faoi na cruinnithe uile a thionólann siad le hionadaithe sainleasa.

[3] IO C 65, 21.2.2018, lch. 7.

(13) Tá an Cinneadh seo gan dochar d'fheidhmiú an chirt chun rochtain a fháil ar dhoiciméid na n-institiúidí de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus d'fheidhmiú chearta an ábhair sonraí de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Tá sé gan dochar freisin do cheanglais trédhearcachta nó do ghealltanais níos fearr a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais nó as comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Bunaítear leis an gCinneadh seo bearta maidir le trédhearcacht na gcruinnithe a thionólann baill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu le hionadaithe sainleasa.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'baill foirne de chuid an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu' baill foirne de chuid an Choimisiúin a bhfuil post acu a chomhfhreagraíonn don chineál poist mar Ard-Rúnaí, Ard-Stiúrthóir, Leas-Ard-Rúnaí nó Leas-Ard-Stiúrthóir, Stiúrthóir nó a choibhéis, Ceann Aonaid nó a choibhéis de réir bhrí Chinneadh C(2013)8979 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le cineálacha post agus post-teidil;

(b) ciallaíonn 'ionadaí sainleasa' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, nó grúpa, comhlachas nó líonra foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, a ghabhann do ghníomhaíochtaí a dhéantar chun tionchar a imirt ar fhoirmliú nó ar chur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó ar phróisis chinnteoireachta institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais;

(c) ciallaíonn 'cruinniú' teagmháil a eagraítear ar thionscnamh ionadaí leasa nó bhainisteoir de chuid an Choimisiún a bhfuil feidhmeanna bainistíochta aige chun plé a dhéanamh ar shaincheist a bhaineann le beartas nó reachtaíocht a fhoirmliú nó a chur chun feidhme san Aontas, gan dochar d'Airteagal 3.

*Airteagal 3*

**Díolúintí**

Leis an gCinneadh seo, ní chumhdófar na cruinnithe seo a leanas:

(a) cruinnithe spontáineacha, cruinnithe de chineál príobháideach nó sóisialta amháin agus cruinnithe a tharlaíonn i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin arna bhunú le CAE nó le CFAE nó le gníomhartha dlí an Aontais;

(b) cruinnithe a tionóladh leo seo a leanas:

   (i) comhpháirtithe sóisialta ag gníomhú dóibh mar rannpháirtithe san idirphlé sóisialta de bhun Airteagal 154 de CFAE;

   (ii) daoine nádúrtha ag gníomhú dóibh i gcáil bhuanphearsanta agus nach bhfuil i gcomhar le daoine eile;

   (iii) údaráis phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear a mbuanionadaíochtaí agus a n-ambasáidí, ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta;

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(iv) comhlachais agus líonraí údarás poiblí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal fonáisiúnta, ar choinníoll go ngníomhaíonn siad go heisiach thar ceann na n-údarás poiblí ábhartha;

(v) eagraíochtaí idir-rialtasacha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus comhlachtaí a thagann uathu;

(vi) údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, ach amháin i gcás ina ndéanann eintitis dhlítheanacha, oifigí nó líonraí gan stádas taidhleoireachta ionadaíocht ar údaráis den sórt sin nó i gcás ina ndéanann idirghabhálaí ionadaíocht orthu, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (e), den Chomhaontú Idirinstitiúideach;

(vii) páirtithe polaitiúla, cé is moite d'aon eagraíochtaí arna gcruthú ag páirtithe polaitiúla nó atá cleamhnaithe leo;

(viii) eaglaisí agus comhlachais nó pobail reiligiúnacha mar aon le heagraíochtaí fealsúnacha agus neamhfhaoistiniúla dá dtagraítear in Airteagal 17 CFAE, cé is moite d'oifigí, eintitis dhlítheanacha, nó líonraí a cruthaíodh chun ionadaíocht a dhéanamh ar eaglaisí, pobail reiligiúnacha nó eagraíochtaí fealsúnacha agus neamhfhaoistiniúla ina gcaidreamh le hinstitiúidí an Aontais, chomh maith lena gcomhlachais;

(c) cruinnithe a tionóladh faoi chuimsiú comhairle dlí agus comhairle ghairmiúil eile a sholáthar, más rud é:

(i) gurb é atá ann ionadaíocht a dhéanamh ar chliaint i gcomhthéacs nós imeachta idir-réitigh nó idirghabhála arb é an aidhm atá leis ná nach dtabharfar díospóid os comhair comhlacht breithiúnach nó riaracháin;

(ii) go gcuirtear an chomhairle ar chliaint chun cabhrú leo a áirithiú go gcomhlíonfaidh a ngníomhaíochtaí an creat dlí is infheidhme;

(iii) gurb é atá ann ionadaíocht a dhéanamh ar chliaint agus a gcearta bunúsacha nó a gcearta nós imeachta a choimirciú, amhail an ceart chun éisteacht a fháil, an ceart chun triail chóir a fháil, agus an ceart chun cosanta in imeachtaí riaracháin, agus folaíonn sé gníomhaíochtaí a dhéanann dlíodóirí nó aon ghairmithe eile a bhfuil baint acu le hionadaíocht a dhéanamh ar chliaint agus a gcearta bunúsacha nó a gcearta nós imeachta a choimirciú;

(d) cruinnithe arna n-eagrú chun aighneachtaí a dhéanamh:

(i) mar pháirtí nó mar thríú páirtí faoi chuimsiú nós imeachta dlíthiúil nó riaracháin arna bhunú le dlí an Aontais nó leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme maidir leis an Aontas;

(ii) bunaithe ar chaidreamh conarthach leis an gCoimisiún nó bunaithe ar chomhaontú deontais arna mhaoiniú ag cistí de chuid an Aontais;

(iii) mar fhreagairt ar iarrataí díreacha sonracha ón gCoimisiún, óna ionadaithe nó óna foireann, ar fhaisnéis fhíorasach, ar shonraí nó ar shaineolas.

*Airteagal 4*

**Coinníollacht na gcruinnithe**

Ní bhuailfidh baill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu ach leis na hionadaithe leasa sin atá cláraithe sa chlár trédhearcachta a mhéid a thagann siad faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh.

*Airteagail 5*

**Faisnéis faoi chruinnithe**

1. Cuirfidh baill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu faisnéis ar fáil go poiblí faoi gach cruinniú a thionólfaidh siad le hionadaithe sainleasa, i gcomhréir le forálacha an Chinnidh seo.

2. Is éard a bheidh san fhaisnéis a chuirfear ar fáil go poiblí:

(a) dáta an chruinnithe;

(b) láthair an chruinnithe;

(c) ainm agus sonraí teagmhála an bhainisteora ón gCoimisiún a bhfuil feidhmeanna bainistíochta aige;

(d) ainm/ainmneacha an ionadaí/na n-ionadaithe sainleasa;

(e) ábhar an chruinnithe.

*Article 6*

**Miontuairiscí ó chruinnithe**

1. Scríobhfar miontuairiscí de gach cruinniú a thionólann baill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu le hionadaithe sainleasa.

2. Déanfaidh baill foirne an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu miontuairiscí na gcruinnithe a chur ar fáil go poiblí, i gcomhréir le forálacha an Chinnidh seo.

3. Déanfar miontuairiscí cruinnithe a tharraingt suas mar dhoiciméad aonair lena n-áirítear:

(a) an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 5(2);

(b) na príomhphointí a tháinig chun solais agus na seasaimh a cuireadh in iúl le linn an chruinnithe;

(c) conclúidí ón gcruinniú, i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 7*

**Foilsiú**

Gan dochar d'Airteagal 8, déanfar an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 5(2) agus doiciméad arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 6(3) a fhoilsiú i bhformáid chaighdeánaithe ar shuíomh gréasáin roinn an Choimisiúin faoi seach laistigh de thréimhse coicíse tar éis an chruinnithe.

*Airteagal 8*

**Sonraí pearsanta daoine aonair a fhreastalaíonn ar chruinnithe**

Ní dhéanfar sonraí pearsanta daoine aonair (ag gníomhú dóibh thar ceann ionadaithe sainleasa) nó baill foirne de chuid an Choimisiúin (seachas baill foirne de chuid an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu) a fhreastalaíonn ar chruinnithe a chur ar fáil go poiblí.

*Airteagal 9*

**Forálacha críochnaitheacha**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo in ionad Chinneadh 2014/838/AE ón gCoimisiún, a scoirfidh a éifeachtaí d'fheidhm a bheith acu ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

2. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN